C/2024/5919

1.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5919)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Lirac'

PDO-FR-A0331-AM02

Dáta na teachtaireachta: 24 Iúil 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Lirac' i gCaibidil I, Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', pointe 1 'Limistéar geografach' agus pointe 3 'Limistéar díreach in aice láimhe', díreach chun an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023 a chur isteach.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a d'eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair, faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe'.

2. Lipéadú

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Lirac' faoi Roinn XII 'Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú', pointe 2 'Forálacha speisialta'. Áirítear ann anois na rialacha lipéadaithe maidir le tagairt don aonad geografach níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône', mar a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin isteach sa doiciméad aonair sa roinn maidir le 'Coinníollacha breise – Lipéadú'.

3. Ceanglais maidir le dearbhú

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Lirac' cothrom le dáta: cuireadh oibleagáidí ar oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta don ainmniúchán.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

4. Mionsonraí an chomhlachta cigireachta

Tugadh Caibidil III, Roinn II, den tsonraíocht táirge, 'Mionsonraí an chomhlachta cigireachta' cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus nach mór do chomhlacht tríú páirtí an méid sin a dhéanamh, ar comhlacht é a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais arna dtarmligean ag INAO, an t-údarás cigireachta.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Lirac

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíonta dearga tirime socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá dath na bhfíonta dearga an-dian agus dorcha. Maidir le boladh, tá dea-bholaithe casta de thorthaí dearga nó dubha ag céimeanna éagsúla forbartha, cócaráilte uaireanta, agus tá blasanna spíosra agus leathair orthu. Maidir le blas, tá na fíonta fairsing agus cothrom, agus tá tainniní cumhachtacha, maothlacha acu. Tá na fíonta sin oiriúnach go háirithe don aosú.

Tráth an phacáistithe, comhlíonann na fíonta na critéir seo a leanas:

— neart alcóil nádúrtha íosta de 12,5 % de réir toirte

— méid siúcra choipthigh ≤ 4 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte ≤ 14 %

— méid siúcra choipthigh ≤ 3 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte > 14 %

— cion aigéid mhalaigh ≤ 0,4 g/l

— déine leasaithe an datha (OD [Dlús Optúil] 420 nm + OD 520 nm + OD 620 nm) ≥ 6

— innéacs polaifeanóil iomlán (OD 280 nm) ≥ 40

Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na luachanna a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14,5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Fíonta rosé tirime socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is leis an modh *saignée* den chuid is mó a dhéantar na fíonta rosé. Is fíonta fairsinge cothromaithe iad freisin, le dea-bholaithe torthaíocha de thorthaí dearga aibí. Dealaítear iad mar gheall ar a n-úire agus a maothlachas.

Tráth an phacáistithe, comhlíonann na fíonta na critéir seo a leanas:

— neart alcóil nádúrtha íosta de 12 % de réir toirte

— méid siúcra choipthigh ≤ 4 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte ≤ 14 %

— méid siúcra choipthigh ≤ 3 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte > 14 %

Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na luachanna a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. Fíonta geala tirime socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta geala fairsing, le dea-bholaithe bláthacha a bhfuil garrigue agus dea-bholaithe torthaí geala mar shaintréith acu. Tugtar faoi deara iad mar gheall ar a ndea-bholaithe fada, dea-mharthanacha.

Tráth an phacáistithe, comhlíonann na fíonta na critéir seo a leanas:

— neart alcóil nádúrtha íosta de 12 % de réir toirte

— méid siúcra choipthigh ≤ 4 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte ≤ 14 %

— méid siúcra choipthigh ≤ 3 g/l má tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte > 14 %

Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na luachanna a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Spásáil idir rónna agus idir plandaí

Modh saothraithe

Is é ≤ 2,50 méadar an fad idir na rónna. Ní mó ná 2,50 méadar cearnach an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach fíniúna. Tá an fad idir fíniúnacha sa ró chéanna idir 0,80 méadar agus 1,25 méadar.

2. Prúnáil na fíniúna

Modh saothraithe

Déantar prúnáil spor ar na fíniúnacha, treoraítear iad chun cuachphrúnáil nó prúnáil Royat a dhéanamh, le sé spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Tá an tréimhse chun prúnáil Royat a bhunú teoranta do 2 bhliain.

Féadfar fíniúnacha den chineál Viognier B a phrúnáil:

— modh Guyot aonair á úsáid agus cána ar a mbíonn ocht mbachlóg ar a mhéad agus spor amháin nó dhá spor ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor;

— nó modh Guyot dúbailte á úsáid agus cána ar a mbíonn sé bhachlóg ar a mhéad agus spor amháin nó dhá spor ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

3. Uisciú

Modh saothraithe

Féadfar uisciú a údarú.

4. Modh saothraithe

Toirmisctear mótú plaisteach.

Ní féidir athruithe substaintiúla a dhéanamh ar chruth agus ar imlínte an tírdhreacha ná ar sheicheamh peideolaíoch nádúrtha na ndáileachtaí atá beartaithe le haghaidh táirgeadh fíona a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint air.

5. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Toirmisctear gualach fíonóireachta a úsáid chun fíonta rosé a dhéanamh.

I dteannta na forála thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh freisin.

6. Socruithe speisialta maidir leis na fíonchaora arna mbuaint a bhuaint agus a iompar

Modh saothraithe

Tá sé éigeantach na fíonchaora buainte a shórtáil. Tarlaíonn sé ar an bhfíniúin nó san fhíonlann, ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le trealamh speisialta.

Nuair a iompraítear na fíonchaora buainte, tá an meáchan in aghaidh an choimeádáin teoranta do 4 000 kg.

5.2. *Uastáirgeacht*

43 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh agus a aibiú sna bardais a leanas de roinn Gard, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023: Lirac, Roquemaure, Saint-Geniès-de-Comolas agus Saint-Laurent-des-Arbres.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Counoise N

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Marsanne B

Mourvèdre N – Monastrell

Piquepoul blanc B

Piquepoul noir N

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Ugni blanc B

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tosca nádúrtha agus daonna is ábhartha don nasc*

Ag breathnú amach ar bhruach deas na Róine, tá limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Lirac' i gcroílár 'Côte du Rhône' i roinn Gard: cliabhán an ainmniúcháin faoi chosaint dá dtugann sé a ainm. Cruthaítear an limistéar de léibhinn agus d'fhánaí, a shíneann soir ó thuaidh go siar ó dheas comhthreomhar le treo na habhann. Tá sé suite idir an Róin agus tírdhreach na haolchloiche atá clúdaithe le garrigue. Síneann na fíonghoirt thar dháileachtaí críochaithe i gceithre bhardas i roinn Gard, is iad sin Lirac, Roquemaure, Saint-Géniès-de-Comolas agus Saint-Laurent-des-Arbres, ag airde idir 50 agus 200 méadar.

Aeráid Meánmhara atá ann, le héifeacht an Mistral. Bíonn an bháisteach bhliantúil íseal: níos lú ná 700 milliméadar. Le 2 700 uair an chloig in aghaidh na bliana, bíonn an ghrian flúirseach, go háirithe sa samhradh le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor. Séideann an Mistral, gaoth láidir, fhuar agus thirim ón tuaisceart, ar feadh 180 lá ar an meán in aghaidh na bliana.

Tugtar 'villafranchienne' go háitiúil ar fhoirmiú na n-ardléibheann: ithreacha cré deirge ina bhfuil 'galets roulés' móra (púróga míne), forleagtar iad le hithreacha cnámharlaigh lóis nó cré-aolchloiche (rendzina) ar na fánaí agus ar na limistéir íochtaracha. Saintréith de na hithreacha sin uile is ea a leochaileacht do thriomach an tsamhraidh.

Aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Lirac' go foirmiúil le foraithne an 14 Deireadh Fómhair 1947. Ba é an chéad cheann de 'Crus des Côtes du Rhône' a ceadaíodh fíon a tháirgeadh i dtrí dhath: fíonta dearga, fíonta rosé agus fíonta geala.

In 2009, chumhdaigh na fíonghoirt achar 750 heicteár, lena dtáirgtear meán bliantúil 20 000 heictilítear. Tá an táirgeadh faoi chúram timpeall 50 oibreoir. Is fíonta dearga iad den chuid is mó, arb iad is cúis le 80 % den táirgeadh iomlán, agus tá fíonra rosé is cúis le 11 %.

8.2. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Tá idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha tairbhiúla, cleachtais arna gcomhroinnt ag an bpobal táirgeoirí agus tosca forbartha eacnamaíche áitiúla. Mar thoradh air sin, is féidir fíonta 'Lirac' a shainaithint de réir a n-úrnuachta agus a dtipiciúlachta atá bainteach leis an terroir.

Is féidir leis na cineálacha éagsúla fíniúna a úsáidtear a dtimpeallacht idéalach a aimsiú i ngach ceann de na príomhchineálacha ithreach atá ar na dáileachtaí. Déantar na cinn dheireanacha a chríochú go cúramach chun na trí dhath fíona a tháirgeadh. A bhuí le saineolas áitiúil, is iondúil go gcuirtear cineálacha fíonchaor geal ar ithreacha aolchloiche, atá foirfe chun fíonta geala a tháirgeadh. Cuirtear cineálacha dearga ar ithreacha créúla níos doimhne, a bhfuil draenáil mhaith acu mar sin féin, rud a chumasaíonn fíonta dearga cumhachtacha struchtúrtha a tháirgeadh.

Le linn stair na bhfíonghort sin, roghnaíodh na cineálacha éagsúla mar gheall ar a gcumas seasamh in aghaidh theas dian an tsamhraidh. Leis an raon cineálacha fíniúna, is féidir le táirgeoirí a gcumaisc a bharrfheabhsú de réir chineál ithreach agus threoíocht gach dáileachta.

Is saintréith d'aeráid Mheánmhuirí ghleann na Róine é solas na gréine. In éineacht leis an nganntanas báistí sa samhradh, cuireann sé sin é ar a chumas do na fíonchaora aibiú go maith, le méid ard siúcra a bhfuil fíonta flaithiúla mar thoradh air go nádúrtha.

Is gaoth chumhachtach í an Mistral, fuar ach tirim. Coisceann sí tais a luí ar na duilleoga, rud a sholáthraíonn bealach nádúrtha chun galair fhungasacha a chomhrac.

Bhí ról tábhachtach ag calafort Roquemaure i bhforbairt agus i gcáil na bhfíonta. Go deimhin, ar feadh i bhfad, ba é an pointe imeachta d'fhíonta 'Côte du Rhône' a seoladh chuig Páras, Sasana agus an Ísiltír.

San 18ú céad, ba é Roquemaure an calafort ba thábhachtaí ar an Róin don trádáil fíona. D'fhéadfaí suas le 2 000 coimeádán fíona a stóráil ansin, sula ndéanfaí iad a luchtú agus a sheoladh chuig cathracha na Fraince nó na hEorpa.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus forbairt na bhfíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Ardèche: Saint-Just;

— Roinn Drôme: Rochegude;

— Roinn Gard: Les Angles, Aramon, Bagnols-sur-Cèze, Carsan, Castillon-du-Gard, Cavillargues, Chusclan, Codolet, Comps, Connaux, Cornillon, Domazan, Estézargues, Flaux, Fournès, Gaujac, Goudargues, Jonquières-Saint-Vincent, La Bastide-d'Engras, La Capelle-et-Masmolène, La Roque-sur-Cèze, Laudun-l'Ardoise, Meynes, Montfaucon, Montfrin, Orsan, Le Pin, Pont-Saint-Esprit, Pougnadoresse, Pouzilhac, Pujaut, Remoulins, Rochefort-du-Gard, Sabran, Saint-Alexandre, Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-André-d'Olérargues, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Etienne-des-Sorts, Saint-Gervais, Saint-Hilaire-d'Ozilhan, Saint-Julien-de-Peyrolas, Saint-Laurent-de-Carnols, Saint-Laurent-la-Vernède, Saint-Marcel-de-Careiret, Saint-Michel-d'Euzet, Saint-Nazaire, Saint-Paulet-de-Caisson, Saint-Paul-les-Fonts, Saint-Pons-la-Calm, Saint-Victor-la-Coste, Salazac, Sauveterre, Saze, Sernhac, Tavel, Théziers, Tresques, Vallabrix, Valliguières, Vénéjan, Verfeuil, Vers-Pont-du-Gard agus Villeneuve-lès-Avignon;

— Roinn Vaucluse: Althen-des-Paluds, Aubignan, Avignon, Beaumes-de-Venise, Bédarrides, Bollène, Caderousse, Cairanne, Camaret-sur-Aigues, Caromb, Carpentras, Caumontsur-Durance, Châteauneuf-de-Gadagne, Châteauneuf-du-Pape, Courthézon, Entraigues-sur-la-Sorgue, Gigondas, Jonquerettes, Jonquières, Lafare, Lagarde-Paréol, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Loriol-du-Comtat, Mondragon, Monteux, Morières-lès-Avignon, Mornas, Orange, Pernes-les-Fontaines, Piolenc, Le Pontet, Rasteau, La Roque-Alric, Sablet, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Sainte-Cécile-les-Vignes, Sarrians, Séguret, Sérignan-du-Comtat, Sorgues, Suzette, Le Thor, Travaillan, Uchaux, Vacqueyras, Vedène agus Violès.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Cru des Côtes du Rhône' nó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí éagsúla cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-6a18f1f2-d1b5-420b-bdfb-a9f701721270